Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Márta 2021
(OR. en)

6692/21
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0224(COD)**

CODEC 306
RECH 83
COMPET 147
IND 48
MI 131
EDUC 69
TELECOM 86
ENER 61
ENV 117
REGIO 32
AGRI 107
TRANS 110
SAN 103
CADREFIN 111
IA 30

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 **(an chéad léamh)**<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Comhráiteas polaitiúil |

**Comhráiteas polaitiúil maidir le cistí arna saoradh in Fís Eorpach a athúsáid**

Leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir le cistí arna saoradh a athúsáid i ndáil leis an gclár taighde[1], chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chur ar fáil arís chun tairbhe an chláir taighde, leithreasuithe a chomhfhreagraíonn don mhéid suas go EUR 0.5 billiún (i bpraghsanna 2018) sa tréimhse 2021-2027 de shaoradh, a eascraíonn as neamh-chur chun feidhme iomlán nó páirteach tionscadal a bhaineann leis an gclár réime 'Fís Eorpach' nó leis an gclár 'Fís 2020', a tháinig roimhe,

[1] IO C 444I, 22.12.2020, lch. 3–3

de réir mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais. Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh agus do chumhachtaí an Choimisiúin an buiséad a chur chun feidhme, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go mbeidh dáileadh táscach an mhéid sin mar seo a leanas:

– EUR 300 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás', go háirithe do thaighde candamach;

– EUR 100 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht'; agus

– EUR 100 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach 'An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach'.